



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal

ABP 308052-20

Date	Dé Máirt 19 Eanáir 2021
Am Tosaithe	10 00 ar maidin
Suíomh	Ar líne

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag daoine ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht. Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile.

Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.

Iarrtar ar gach páirtí a bheith aireach ar chineál an iarratais seo agus a chinntiú go mbaineann cur i láthair nó ceisteanna le cineál an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh seo. Meastar gur dócha go dtógfaidh sé níos lú ná an 30 nóiméad is incheadaithe do na páirtithe aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis an OCÉ.

Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh ná i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.

Féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaí ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtain ó dháta na héisteachta seo.

Clár Oibre

10.00 AM - Oscailt na héisteachta
10.10 AM – A chás á chur i láthair ag Uisce Éireann (30 nóiméad ar a mhéad)
Sos
11.00 AM – A gcás á chur i láthair ag na hagóideoirí: <ul style="list-style-type: none">• John Howard (30 nóiméad ar a mhéad)• Michael King (30 nóiméad ar a mhéad)
Ceisteanna an Chigire ar Uisce Éireann. Ceisteanna na nAgóideoirí ar Uisce Éireann.
Ráitis dúnta. <ul style="list-style-type: none">• Agóideoirí• Uisce Éireann Dúnadh na héisteachta ó bhéal